

## Vacsaíní do Pháiste

### Eolas do thuismitheoirí agus caomhnóirí a tháinig go hÉirinn ó thíortha eile

Tugtar eolas faoi vacsaíní do do pháiste sa bheil seo. Cuidíonn vacsaíní le do pháiste a bheith sláintiúil trí iad a chosaint ar ghalair thógálacha inchoiscithe. Tá Seirbhís Sláinte na hÉireann (Feidhmeannacht na Seirbhise Sláinte) ag socrú foirne vacsaínithe chun vacsaíní a thairiscint trí chlinicí. Cuirfidh foirne soghluaise vacsaínithe vacsaíní ar fáil do dhaoine áirithe. D'fhéadfadh ball den fhoireann vacsaínithe cúitimh teagháil a dhéanamh leat maidir le do leanbh a vacsaíniú.

#### Cén fáth a baineann tábhacht le vacsaíní?

Cosnaíonn vacsaíní leanaí agus páistí ó ionfhabhtuithe a d'fhéadfadh iad a dhéanamh go dona tinn. Is iad leanaí an-óga is mó atá i mbaol ó na hionfhabhtuithe sin, mar sin cuirtear túis le vacsaíní a thabhairt chomh luath agus is féidir.

In Éirinn, tosaíonn sceideal na vacsaíní ag 2 mhí d'aois agus tugtar na vacsaíní molta thar 5 chuairt ar do dhochtúir teaghlaigh (ar a dtugtar Dochtúir Ginearálta nó DG) nuair a bhíonn do leanbh 2, 4, 6, 12 agus 13 mhí d'aois. Cosnaíonn vacsaíní a thugtar do leanaí in Éirinn iad ar ionfhabhtuithe atá coitianta nó an-tromchúiseach in Éirinn.

2 mhí	Cuaire 1	6 in 1 + PCV + MenB + Rótavíreas 3 Instealladh + Braonta Béil
4 mhí	Cuaire 2	6 in 1 + MenB + Rótavíreas 2 Instealladh + Braonta Béil
6 mhí	Cuaire 3	6 in 1 + PCV + MenC 3 Instealladh
12 mhí	Cuaire 4	MMR + MenB 2 Instealladh
13 mhí	Cuaire 5	Hib/MenC + PCV 2 Instealladh

#### Cad iad na vacsaíní a mholtar in Éirinn?

Moltar vacsaíní a thabhairt do pháistí chun iad a chosaint ar ionfhabhtuithe atá coitianta in Éirinn nó a d'fhéadfadh iad a dhéanamh go dona tinn.

#### Cad iad na difríochtaí idir na vacsaíní a thugtar i dtíortha eile agus na vacsaíní a thugtar in Éirinn?

Tugtar go leor de na vacsaíní a thugtar in Éirinn i dtíortha eile freisin. Mar shampla, cuirtear vacsaíní ar fáil do leanaí i bhformhór na dtíortha chun cosaint a thabhairt i gcoinne Diftéire, Póilió, Teiteanas agus Brútíneach.

D'fhéadfadh go mbeadh difríochtaí i gcuid de na vacsaíní a mholtar in Éirinn i gcomparáid le tíortha eile. D'fhéadfadh difríochtaí a bheith ann idir galair atá coitianta in Éirinn i gcomparáid le tíortha eile. Mar shampla in Éirinn tugaimid vacsaíní a chosnaíonn leanaí ar ghalair mheiningeacocúil B agus C. Is féidir leis na hionfhabhtuithe seo a bheith ina gcúis le meinigíteas agus septicéime. Níl na vacsaíní

seo mar chuid den sceideal imdhíonta i roinnt tíortha. Ach moltar in Éirinn iad chun leanaí a chosaint ar na hionfhabhtuithe an-tromchúiseacha seo.

### **Fuair mo leanbh a vacsaíní go léir i dtír eile. Cén fáth a bhfuil vacsaíní eile uathu anois agus iad in Éirinn?**

Toisc go bhfuil do leanbh ina c(h)ónaí in Éirinn anois, ba chóir dóibh an sceideal vacsaínithe ó Éirinn a leanúint. Cosnaíonn na vacsaíní atá molta in Éirinn leanaí ar ghalair atá coitianta in Éirinn nó a bhféadfadh iarmhairtí tromchúiseacha a bheith acu.

Ba chóir do do leanbh “breith suas” leis na vacsaíní atá molta in Éirinn. Ní gá dóibh vacsaíní a fuair siad cheana féin i dtír eile a fháil arís.

### **Cad iad na galair a dtugann na vacsaíní breise seo cosaint do do leanbh ina gcoinne?**

#### **Vacsaín bhéil rótaivíris**

Is ionfhabhtú víreasach é an rótaivíreas a chruthaíonn buinneach agus urlacan i naónáin agus i leanaí óga. Tiocfaidh an chuid is mó de na leanaí chucu féin sa bhaile ach ní mór cuid acu a ghlacadh isteach san ospidéal. Glacadh thart ar 880 páiste faoi bhun 5 bliana d'aois isteach san ospidéal le hionfhabhtú rótaivíris gach bliain in Éirinn sular tugadh isteach an vacsaín rótaivíris. Tá laghdú suntasach tagtha ar an lón sin ó tugadh isteach an vacsaín rótaivíris.

Ní féidir an vacsaín rótaivíris a thabhairt ach do leanaí faoi bhun 8 mí d'aois.

#### **Vacsaín mheiningeacocúil B (MenB)**

Cuidíonn an vacsaín MenB le do leanbh a chosaint ar ghalar meiningeacocúil B. Ionfhabhtú baictéarach tromchúiseach is ea é seo atá ina chúis le meinigíteas (athlasadh na líneála thart timpeall ar an inchinn) agus le septicéime (nimhiú fola). Meiningeacocúil B is cúis le formhór na n-ionfhabhtuithe agus na mbásanna ó mheiningíteas i leanaí óga in Éirinn. Ní thugtar an vacsaín MenB tar éis 2 bliain d'aois.

#### **Vacsaín mheiningeacocúil C (MenC)**

Cuidíonn an vacsaín MenC le do pháiste a chosaint ar ghalar meiningeacocúil C. Is ionfhabhtú baictéarach tromchúiseach é seo freisin a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le meinigíteas (athlasadh ar an líneáil timpeall na hinchnne) agus septicéime (nimhiú fola). D'fhéadfadh vacsaíní eile a bheith molta do do leanbh freisin. Cuirfidh do dhochtúir nó altra comhairle ort.

#### **Vacsaín niúmacocúil (PCV13)**

Cosnaíonn vacsaín PCV13 in aghaidh galair de bharr baictéir niúmacocas.

Is iad na baictéir sin is cúis ansin le galair amhail meinigíteas (athlasadh na líneála thart timpeall ar an inchinn), niúmóine (ionfhabhtú sna scamhóga) agus septicéime (nimhiú fola).

### Cad iad fo-iarmhairtí na vacsaíní seo?

Níor cheart go mairfeadh fo-iarmhairtí tar éis na vacsaíní ach ar feadh cúpla lá

Tar éis na **vacsaíne MenB** d'fhéadfadh fiabhras a bheith ar do pháiste (teocht ard) nó b'fhéidir go mbeadh míchompord, deirge agus at san áit ar tugadh an t-instealladh.

Tar éis na **vacsaíne MenC** d'fhéadfadh míchompord, deirge agus at a bheith ar do pháiste san áit ar tugadh an t-instealladh nó d'fhéadfadh fiabhras a bheith air/uirthi nó b'fhéidir go mbeadh sé/sí cantalach.

Tar éis na **vacsaíne Rótaivíris** a fháil, d'fhéadfadh buinneach éadrom a bheith ar do pháiste. Is annamh a bhíonn pian sa bholg nó gríos orthu.

### Cá bhfaighidh mo pháiste a vacsaíní?

In Éirinn soláthraíonn dochtúirí teaghlaigh (DGanna) nó an Clár Vacsaíniú Cúitimh Imirceach vacsaíniú do leanaí atá ina ndídeanaithe agus ina n-iarrthóirí ar chosaint. Is gnách go dtugann an t-altra cleachtaidh a vacsaíní do bhabaithe, faoi stiúir an DG. D'fhéadfadh go mbeadh clinicí eile eagraithe ag an tseirbhís sláinte chun na vacsaíní a theastaíonn uathu a thabhairt do leanaí.

### Conas a dhéanaim coinne le DG?

Beidh ort coinne a chur in áirithe le Dochtúir Ginearálta, chun fainseás a fháil faoi conas teacht ar fhaisnéis maidir le DG a fheiceáil ag <https://www2.hse.ie/services/find-a-gp/>.

Mura bhfuil DG agat, rachaidh an Fhoireann Vacsaínithe Cúitimh áitiúil i dteagmháil leat.

### Cad a tharlaíonn ag an gcuairt vacsaínithe?

Sula dtabharfar vacsaíní, labhróidh ball den Fhoireann Vacsaínithe Cúitimh, DG nó Altra Cleachtaidh leat faoi na vacsaíní atá ó do bhabaí agus labhróidh siad leat faoi gach vacsaín. Tar éis na vacsaíní a fháil, tabharfaidh ball den Fhoireann Vacsaínithe Cúitimh, DG nó Altra Cleachtaidh doiciméad ‘Pas Vacsaíne’ duit ina sonraítear na vacsaíní a thugtar do do leanbh. Tá sé an-tábhachtach go gcoimeádann tú an Pas Vacsaíne sábháilte mar thaifead ar stair vacsaínithe do linbh. Tá sé tábhachtach go dtabharfaidh tú an taifead seo leat chuig aon chuairteanna vacsaínithe eile.

### An gcaithfidh mé íoc as vacsaíniú?

Ní chaithfidh. Tá vacsaíniú saor in aisce in Éirinn.

### **An moltar aon vacsaíní do pháistí níos sine?**

Nuair a bhíonn leanaí ar scoil moltar vacsaíní a thabhairt dóibh

Sna Naónáin Shóisearacha (5 bliana d'aois):

An MMR agus teanndáileog de vacsaíní Diftéire, Teiteanais, Treacha agus Póilió a thairgtear ar scoil.

Sa 1ú bliain den mheánscoil (12 bliain d'aois):

Cuirtear na vacsaíní HPV, MenACWY (meiningeacocúil ACWY) agus teanndáileog de vacsaíní Diftéire, Teiteanais, Treacha ar fáil ar scoil.

### **An moltar aon vacsaíní do dhaoine fásta?**

Moltar. Moltar do dhaoine fásta nach bhfuil roinnt vacsaíní faighte acu iad a fháil. Mar shampla moltar an vacsaín MMR a thugann cosaint ar bhruitíneach, leicneach agus an bhruitíneach dhearg do dhaoine fásta nach bhfuair an vacsaín seo riamh. Labhair le ball den Fhoireann Vacsaínithe Cúitimh áitiúil, le do dhochtúir ginearálta (DG) nó le d'altra.

### **Tá roinnt ceisteanna agam maidir le vacsaíniú, cé leis ar féidir liom labhairt?**

Labhair le ball den Fhoireann Vacsaínithe Cúitimh áitiúil, le do DG nó le d'Altra Cleachtaidh. Má tá clinicí eile á n-eagrú ag an tseirbhís sláinte chun vacsaíní a thabhairt do leanaí, is féidir leat labhairt leis an dochtúir nó leis an altra ag na clinicí seo freisin.

### **Cá háit ar féidir liom tuilleadh eolais a fháil?**

Tabhair cuairt ar [www.immunisation.ie](http://www.immunisation.ie)